

# Scéal Ghráinne



**Haigh, is mise Gráinne.**

Táim sa 6ú bliain sa mheánscoil. Bhíodh post páirtaimseartha agam sa siopa áitiúil, ach bhí orm éirí as ag deireadh an tsamhraidh an bhliain seo caite ionas go mbeinn in ann tuilleadh staidéir a dhéanamh don Ardteist. An rud greannmhar faoi ná gur ghlac mo chara Séan, atá sa rang céanna liom, an post i mo dhiaidh.



Ach pé scéal é, tá deireadh mhí an Mheithimh buailte linn anois agus tá na scrúduithe thart, buíochas le Dia. Is féidir liom airgead a thuilleamh ó bheith ag feighlíocht, nó ó mhadraí a thógáil ag siúl.


Tugaim aire do mo neacht gach tráthnóna Sathairn ionas gur féidir le mo dheirfiúr dul amach lena cairde ar feadh cúpla uair. Faighim €20 uaithi agus is iondúil go gcaithim seo ar phíotsa agus DVD.



Ach bíonn bia ina cuisneoir i gcónaí, mar sin ceapaim go bhfuilim chun an t-airgead a shábháil as seo amach. Tógaim madra mo chomharsan ag siúl ar feadh uaire gach tráthnóna freisin agus tugann sé €30 in aghaidh na seachtaine dom.

Caithim €5 in aghaidh na seachtaine ar chreidmheas don fóin agus téim ag dioscó uair sa tseachtain freisin a chosnaíonn €10. N'fheadar cá dtéann an chuid eile den airgead – deochanna agus sneaiceanna b'fhéidir? Ach is deacair a chreidiúint go gcaithim €50 sa tseachtain!

Táim ag dul ar laethanta saoire le mo chlann go dtí an Clochán i 7 seachtaine. Íocfaidh mo thuismitheoirí as beagnach gach rud. Ní bheidh uaim ach timpeall €150.



CCPC Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | Competition and Consumer Protection Commission

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta